Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/1969

16.7.2024

**CINNEADH (CBES) 2024/1969 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 15 Iúil 2024**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/1277 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Liobáin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 30 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/1277 ([1]), a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Liobáin.

(2) Beidh feidhm ag Cinneadh (CBES) 2021/1277 go dtí an 31 Iúil 2024. Ar bhonn athbhreithniú ar an gCinneadh sin, ba cheart na bearta sriantacha a leagtar amach ann a athnuachan go dtí an 31 Iúil 2025.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2021/1277 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 9 de Chinneadh (CBES) 2021/1277, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

'Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 31 Iúil 2025 agus coinneofar faoi athbhreithniú leanúnach é. Déanfar é a athnuachan, nó a leasú de réir mar is iomchuí, má mheasann an Chomhairle nár comhlíonadh a chuspóirí.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Iúil 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

NAGY I.

([1]) Cinneadh (CBES) 2021/1277 ón gComhairle an 30 Iúil 2021 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Liobáin (IO L 277 I, 2.8.2021, lch. 16).